2019. M70T 2019L014G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*State Examinations Commission*

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 13 Meitheamh** **Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

## Treoracha

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1,000 AD - An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do ***na léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Tá **Cloch Cholbha 52** (**Kerbstone 52)**, ***a léirítear ar an mbileog leis seo***, ar fáil ag ceann de na láithreáin Neoiliteacha is suntasaí in Éirinn.
Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Ainmnigh an láithreán seo.
(b) Déan cur síos agus plé ar an maisiúchán agus ar na teicnící snoíodóireachta a úsáideadh ar Chloch Cholbha 52.
(c) Ainmnigh, déan cur síos agus plé achomair ar shampla **amháin** eile de shnoíodóireacht chloiche ón ré seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Is sampla de mhiotalóireacht ón Iarannaois é **Muince Bhrú Íochtair**.
Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aici?
(b) Déan cur síos agus plé ar an dóigh a ndearnadh í agus bíodh tagairt agat don bhunábhar, do na teicnící agus don mhaisiúchán.
(c) Ainmnigh, déan cur síos agus plé achomair ar dhéantúsán **amháin** eile ón ré seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Is sampla breá de shnoíodóireacht chloiche Éireannach ó ré na Críostaíochta é **Cros Mhaoine**.
Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aici?
(b) Déan cur síos agus plé ar struchtúr agus ar mhaisiúchán na croise seo.
(c) Ainmnigh, déan cur síos agus plé achomair ar chros chloiche **amháin** eile a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Is sampla d'ailtireacht Nuachlasaiceach ón ré Sheoirseach é **Teach an Chustaim** i mBaile Átha Cliath.
Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Ainmnigh ailtire an fhoirgnimh seo.
(b) Déan cur síos agus plé ar shuíomh agus ar struchtúr an fhoirgnimh seo.
(c) Déan cur síos agus plé ar **dhá** ghné mhaisiúla den fhoirgneamh seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Tá '**Gairdín Chlochair**, **an Bhriotáin**' le William Leech (1881-1968) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- comhdhéanamh
- teicnící agus úsáid dath(anna).

(b) Cad atá i gceist sa phictiúr seo? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

(c) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoi William Leech.

*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Tá an saothar dealbhóireachta '**Misneach**' le John Byrne (r.1959) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar dealbhóireachta faoi na ceannteidil seo a leanas:
- suíomh agus méid
- foirm.

(b) Déan cur síos agus plé ar láimhseáil an chapaill agus láimhseáil na fíorach sa saothar seo.

(c) Ainmnigh, déan cur síos agus plé achomair ar shaothar dealbhóireachta fíorach poiblí Éireannach **amháin** eile.

*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh saothar le duine **amháin** de na healaíontóirí seo a leanas:
- Nathaniel Hone Sinsearach (1718-1784)
- Frederic William Burton (1816-1900)
- Seán Keating (1889-1977)
- Oisín Kelly (1915-1981)
- Louis le Brocquy (1916-2012)
- Alice Maher (r.1956)
- Kathy Prendergast (r.1958).

Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Ainmnigh an saothar a roghnaigh tú.

(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh/foirm
- teicnící agus úsáid comhábhar.

(c) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoin ealaíontóir a roghnaigh tú.

*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1,000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Tá '**An Mhaighdean Ghorm**', sampla de ghloine dhaite atá ar fáil in Ardeaglais Chartres, ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an bhfuinneog dhaite seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- feidhm
- comhdhéanamh agus dath(anna).

(b) Déan cur síos agus plé achomair ar phríomhghnéithe na hailtireachta Gotaí.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Tá '**Íobairt Isaac**' le Lorenzo Ghiberti (1378-1455) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- leagan amach agus na teicnící dealbhóireachta a úsáideadh.

(b) Ainmnigh, déan cur síos agus plé achomair ar shaothar **amháin** eile le healaíontóir eile a bhain leis an Luath-Renaissance.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Is sampla de phéintéireacht de chuid an Ard-Renaissance é '**Mona Lisa**' le Leonardo da Vinci (1452-1519).
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar agus comhdhéanamh
- dath(anna) agus úsáid an tsolais.

(b) Ainmnigh, déan cur síos agus plé achomair ar shaothar **amháin** eile le healaíontóir eile de chuid an Ard-Renaissance.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Tá '**An Suipéar in Emmaus**' le Caravaggio (1571-1610) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- comhdhéanamh agus solas
- ábhar agus láimhseáil na fíorach daonna.

(b) Déan cur síos agus plé achomair ar an stíl Bharócach.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Tá '**Imchuach Argenteuil agus Bád Seoil Aonair**' le Claude Monet (1840-1926) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar agus comhdhéanamh
- dath(anna) agus teicnící a úsáideadh.

(b) Déan cur síos agus plé achomair ar an Impriseanachas.

*Léirigh do fhreagra*.

**13.** Tá '**Na Cailíní ar an gCé**' le Edvard Munch (1863-1944) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar agus comhdhéanamh
- dath(anna) agus teicnící péintéireachta.

(b) Ainmnigh, déan cur síos agus plé achomair ar shaothar **amháin** eile le Munch.

*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Roghnaigh **ceann amháin** de na saothair seo a leanas agus freagair (a) agus (b):

- '**Póg Iúdáis**' le Giotto (c.1267-1337)
- '**Portráid de Mhuintir Arnolfini**' le Jan van Eyck (c.1390-1441)
- '**Na hAmbasadóirí**' le Hans Holbein (c.1497-1543)
- '**An Vaigín Féir**' le John Constable (1776-1837)
- '**Na hImreoirí Cártaí**' le Paul Cézanne (1839-1906).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar agus comhdhéanamh
- teicnící agus úsáid dath(anna)/solais.

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoin ealaíontóir a roghnaigh tú.

*Léirigh do fhreagra*.

## Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**15.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar na héifeachtaí físe agus ar na teicnící a úsáideadh i scannán beo-aicsin ainmnithe ar bith faoi na ceannteidil seo a leanas:

- suíomh/seit scannáin
- feisteas/smideadh
- éifeachtaí speisialta/obair cheamara.

(b) Cuir in iúl do smaointe amhairc faoi choinne scannáin beo-aicsin gearr, bunaithe ar ábhar béaloidis **nó** ar fhinscéal.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**16.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh gailearaí ealaíne, músaem nó ionad léirmhíniúcháin ar thug tú cuairt air.
Déan cur síos agus plé mionsonraithe ar **dhá** dhéantúsán a bhí spéisiúil, dar leat.

(b) Mol **trí** shlí a bhféadfadh gailearaithe ealaíne, músaeim nó ionaid léirmhíniúcháin idirghníomhaíocht agus cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal san am atá le teacht.
Tabhair fáthanna le do mholtaí.

*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an seastán taispeána earraí ar díol ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- éifeacht ó thaobh amhairc de
- úsáid dath(anna)
- litreoireacht.

(b) Mol dearadh faoi choinne seastán taispeána do lóin scoile shláintiúla.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Is minic a bhronnann ealaín sráide cruthaitheacht, dath(anna) agus nithe ar díol spéise amhairc iad ar thimpeallacht leamh.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an íomhá atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- íomhánna
- leagan amach
- dath(anna).

(b) Mol dearadh do shaothar ealaíne sráide faoi choinne maisiú a dhéanamh ar fhoirgneamh atá in anchaoi i do cheantar.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Is féidir le clóis súgartha bheith ina n-ionaid ina bhfeiceann páistí cuir chuige éagsúla i leith dearaidh.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar ionad súgartha do pháistí a bhfuil cur amach agat air faoi na ceannteidil seo a leanas:
- suíomh/seit
- trealamh agus áiseanna
- sláinte agus sábháilteacht.

(b) Mol dearadh do phíosa trealaimh i gclós súgartha bunaithe ar bhláthanna **nó** ar fheithidí.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Spreagann an cultúr, faisean agus cineál na gníomhaíocht an dearadh a dhéantar ar éadaí spóirt.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar phíosa éadaí spóirt faoi na ceannteidil seo a leanas:
- rogha fabraice
- úsáid dath(anna)
- gnéithe speisialta.

(b) Mol dearadh faoi choinne feistis nua le haghaidh foireann spóirt i do cheantar.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**21.** Is siombail é lógó a mbaintear úsáid as chun eagraíocht **nó** branda a shainaithint.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar lógó a bhfuil cur amach agat air, faoi na ceannteidil seo a leanas:
- cruth/foirm
- íomhánna/litreoireacht
- dath(anna).

(b) Mol dearadh faoi choinne lógó le húsáid ag cuideachta seodra **nó** ag cuideachta athchúrsála.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019

# EALAÍN

## Sceitseáil Beo-Ábhair

### Gnáthleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**De Máirt, 29 Aibreán – Dé hAoine, 10 Bealtaine Fad: uair an chloig**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 1 Aibreán**

### Treoracha do na Múinteoirí Ealaíne agus do na Feitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Níl éadaí speisialta ag teastáil le haghaidh an chuspa. Má tá gruaig fhada ar an gcuspa, ní mór í a cheangal siar le linn an dá staidiúir.**
**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **treabhsar nó sciorta a bhfuil pócaí air**
- **cathaoir agus úll.**

Beidh cead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa de réir mar a theastaíonn le linn an scrúdaithe. Tá na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig san iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag na hiarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead níos mó ná deichniúr iarrthóirí a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Tá cead ag na hiarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa le linn an dara staidiúir más mian leo.

# Treoracha do na hiarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht den chuspa a dhéanamh mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir**, agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir**. 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** leathfhíor a roghnú.

**N.B.** Má roghnaíonn tú leathfhíor a dhéanamh meabhraítear duit **nach leor** an cloigeann agus na guaillí amháin a tharraingt. Ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí, uachtar na ngéag agus na huillinneacha a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (ón tosach nó ón taobh).
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2. Ná hathraigh méid na bileoige A2.
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú agus dearbhú nach raibh aon rud uirthi.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir díobh.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Tá cead agat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan do shaothar críochnaithe a bhearradh ná a fheistiú**.

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad 15 nóiméad (20 marc)

**An cuspa ina s(h)easamh agus**

- na cosa scartha ó chéile beagán
- an chos dheas chun tosaigh beagán, meáchan an choirp anuas ar an gcos chlé
- na lámha i bpócaí an treabhsair nó i bpócaí an sciorta
- an cloigeann ag féachaint ar chlé.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad 30 nóiméad (30 marc)

**An cuspa ina s(h)uí ar chathaoir agus**

- na cosa go daingean ar an talamh
- an lámh dheas ar an gceathrú dheas, bos na láimhe in íochtar
- an lámh chlé ar an gceathrú chlé, bos na láimhe in uachtar, úll sa lámh
- an cloigeann ag féachaint chun tosaigh.

Leathanach Bán